An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

# Treoir do Leanúnachas Scolaíochta: Ag tacú le scoláirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil

## D'iar-bhunscoileanna

22 Aibreán 2020

## Réamhrá

Cuireann an treoir seo ón Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) comhairle ar fáil faoin tslí inar féidir le scoileanna agus le múinteoiri tacú le leanúnachas na foghlama do scoláirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil le linn dúntaí scoileanna bainteach le COVID-19.[1]

D'fhéadfadh scoláirí i raon suíomhanna oideachais a bheith i mbaol míbhuntáiste oideachasúil. I measc na gcomhthéacsanna don bhaol seo tá míbhuntáiste socheacnamaíoch, ballraíocht den lucht siúil nó de na pobail Roma agus inimirceacha, a bhfuil cónaí orthu in ionad soláthar díreach nó atá gan dídean. Tá tugtha san áireamh sa treoir seo freisin go bhfuil teacht ag scoileanna agus ag suíomhanna oideachasúla eile ar raon tacaíochtaí agus acmhainní chun cuidiú le freastal ar riachtanais scoláirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil. Áirítear raon ó fhoirne cúraim agus foirne bainistíochta inscoile chuig seirbhísí ó Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT) agus gníomhaireachtai eile. Ina theannta sin, tá acmhainní breise ag scoileanna sa chlár DEIS chun cuidiú leo tacú lena leithéid d'fhoghlaimeoirí.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an ngá atá ag scolairí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil le scolaíocht rialta agus leanúnach. Cé gur gá tacú le gach scoláire chun a iad a choimeád gafa leis an bhfoghlaim, tá níos mó tacaíochta fós de dhíth, ag an am seo, ar fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil. Tá raon straitéisí agus beart tugtha isteach ag a lán scoileanna lena dheimhniú go bhfreastalaítear ar riachtanais na scoláirí seo, scoláirí a bhfuil teora leis an rochtain atá acu ar theicneolaíocht nó iad siúd nach féidir lena dtuismitheoirí tacú lena gcuid foghlama. Tá samplaí de na straitéisí sin ar fáil sa nóta treorach seo.

Tá an Roinn buíoch do na scoileanna agus do na múinteoirí rannpháirteacha as a gcleachtas a roinnt. Tá an Roinn faoi chomaoin freisin as an gcomhairle a chuir raon leathan páirtithe leasmhara ar fáil nuair a bhí an treoir seo á ullmhú.

[1] Déanfar an doiciméad seo a uasdátú de réir mar is gá chun na cúinsí a d'fhéadfadh a bheith i gceist sa todhchaí maidir le dúntaí scoileanna a chur san áireamh.

## Príomhthéamaí na treorach seo

- Múinteoirí agus ceannairí scoile ag obair chun tacú le scoláirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil
- Ról múinteoirí maidir le bheith gafa le scoláirí sa bhfoghlaim
- Teagmháil a choinneáil le tuismitheoirí agus caomhnóirí
- Fanacht slán i dtimpeallacht na cianfhoghlama
- Acmhainní do mhúinteoirí

## Múinteoirí agus ceannairí scoile ag obair chun tacú le scoláirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil

Sa chomhthéacs reatha, ní mór do scoileanna agus do mhúinteoirí dearcadh eile a bheith acu i leith an teagaisc agus na foghlama. Tá athrú mór tagtha ar ghnáthaimh agus ar mheicníochtaí tacaíochta scoláirí agus, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh na cúinsí baile dúshláin a chruthú do leanúnachas foghlama scoláirí. Is cóir do scoileanna na cúinsí a chur san áireamh, a mhéid agus is féidir, nuair a bhíonn cláir oibre á bpleanáil.

Tá príomhról ag baill de phobal na scoile chun leanúnachas foghlama a dheimhniú do gach foghlaimeoir, go háirithe d'fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil:

- Is cóir do bhoird bainistíochta oibriú lena dheimhniú go gcuireann an scoil leanúnachas scoláiochta ar fáil do gach scoláire agus go bhfuil na céimeanna is gá glactha ag ceannairí scoile chun scoláirí a aithint a bhfuil baol ann nach ndéanfaidh siad dul chun cinn san oideachas
- Is cóir do bhoird tacú freisin leis na foirne ceannaireachta  scoile le dul i mbun oibre chun na scoláirí seo a bheith gafa trí na hacmhainní atá ar fáil sa scoil a úsáid agus monatóireacht a dhéanamh ar straitéisí agus idirbheartaíochtaí cuí
- Is cóir don fhoireannn bhainistíochta scoile, comhdhéanta den phríomhoide agus díibh siúd i róil bhainistíochta nó chomhordaithe:
    - Maoirsiú a choinneáil ar leanúnachas na foghlama do gach scoláire trí bheith gafa go rialta leis na múinteoirí
    - A dheimhniú go mbíonn acmhainní na scoile dírithe orthu siúd is mó a bhfuil gá acu trí na struchtúir chúraim agus bhainistíochta atá ann cheana
    - Cur cuige dearfach réiteach-dírithe a chothú a chuideoidh le gach scoláire rath, foghlaim agus dul chun cinn a bheith acu ina n-oideachas

    - Úsáid a bhaint as gach eolas atá ar fáil chun dul i dtreo aon éagothroime eile a íoslaghdú ina measc siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil
    - Leas a bhaint as eolas faoi leibhéil ghafachta scoláirí ó gan aon ghafacht, go roinnt gafachta go lán-ghafacht mar bhonn chun straitéisí a spreagfaidh ath-rannpháirtíocht scoláirí a aithint agus a phleanáil..

- Tá príomhról ag treoirchomhairleoirí maidir le tacú le scoláirí. Tá an tacaíocht seo thar a bheith tábhachtach ag amanna nuair a bhíonn scoláirí tar éis tarraingt siar nó nuair a bhíonn siad neamhspreagtha.

Mar bhealach le leanúnachas na foghlama a fheabhsú, go háirithe d'fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, d'fhéadfadh treoirchomhairleoirí iad seo a dhéanamh:

- Dearcthaí scoláirí ar na deacrachtaí a shoiléiriú, an fáth go bhfuil siad tar éis tarraingt siar a iniúchadh, na constaic agus na baic don fhoghlaim a aithint
- Scoláirí a athspreagadh trí ghaiscí a bhí acu cheana a chur i gcuimhne dóibh, straitéisí foghlama éagsúla a raibh rath orthu a phlé agus breathnú faoi rudaí a d'fhéadfadh oibriú dóibh anois
- Scoláirí a bheith athghafa i socrú spriocanna agus i ndéanamh cinntí
- Díriú ar phleananna todhchaí, ar luach na foghlama agus ar an toradh is dócha a tharlóidh[2].

Is cóir do scoileanna machnamh a dhéanamh ar úsáid na dtacaíochtaí uile, sa scoil agus sa phobal araon, chun scoláirí a bheith gafa. Go príomha ina measc sin beidh na tacaíochtaí ag Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT). Áirítear leo sin na tacaíochtaí ón Scéim Teagmhála Baile Scoile agus Pobail (TBSP) agus an Clár Críochnaithe Scolaíochta (CCS) (i scoileanna ina bhfuil a leithéid ann); agus freisin seirbhís reachtúil na nOifigeach Leasa Oideachais (OLO). Tá OLO ar fáil ar fud na tíre agus bíonn ról ríthábhachtach acu ina dteagmháil le scoileanna chun tacú le leas oideachais scoláirí.

I gcásanna áirithe, b'fhéidir nach mbeidh scoláirí tar éis freagairt d'iarrachtaí na scoile a bheith i dteagmháil leo. Ina leithéid de chásanna, is cóir do scoileanna a aithint agus a aontú cén duine ar fhoireann na scoile is oiriúnaí chun teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí agus caomhnóirí ar mhaithe le teagmháil, ina dhiaidh sin, leis an scoláire. A luaithe agus a bhíonn teagmháil déanta, beidh minicíocht na teagmhála ag brath ar riachtanais aitheanta na scoláirí atá i gceist; i gcásanna áirithe, mar shampla, is go laethúil a tharlóidh a leithéid. Is cóir don teagmháil a bheith tacúil, áfach, agus dearbhú a thabhairt d'iarrachtaí na scoláirí go dtí seo.

I bhfórmhór na gcásanna, tá scoileanna tar éis freastal go rathúil ar an leanúnachas foghlama do scoláirí, ina measc iad siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil. Tá

---

[2] Chun teacht ar bhreis eolais, féach led' thoil ar *Treoirlínte d'Iar-Bhunscoileanna: Ag Tacú le Scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (2017)* ar shuíomh gréasáin ROS.

dúshláin ar leith ag líon beag scoileanna, áfach, ag iarraidh cuid de na scoláirí seo a bheith rannpháirteach. Sna cúinsí seo, agus nuair a bhíonn triail bainte ag an scoil as gach bealach eile chun teagmháil a dhéanamh leis an scoláire, is cóir don scoil dul i dteagmháil le hOifigigh Leasa Oideachais STOT a chuideoidh le teagmháil a dhéanamh leis an scoláire.

**Seo roinnt straitéisí ar féidir le scoileanna a úsáid le bheith gafa le scoláirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil agus lena dtuismitheoirí agus a gcaomhnóirí:**

- Teagmháil a bheith go minic idir an scoil agus an scoláire; i gcásanna áirithe, go háirithe i gcás scoláirí atá ag gabháil don Ardteistiméireacht Fheidhmeach[3], is cóir do seo tarlú go laethúil
- An tacaíocht agus na struchtúir chúraim atá ann cheana chun na baic a aithint do na scoláirí is mó atá i mbaol, nó atá, b'fhéidir, tar éis tarraingt siar
- Teagmháil a bheith acu le tuismitheoirí agus scoláirí agus a thabhairt le fios dóibh conas teagmháil a dhéanamh le príomhbhaill foirne
- Duine fásta a aithint i bpobal na scoile a bhfuil, nó a raibh san am atá thart, gaol oibre dearfach aige/aici le scoláire scoite, chun teagmháil a dhéanamh
- Dearbhú do scoláirí go bpléifear go dearfach le haon teagmháil uathu agus go mbeidh tacaíocht ar fáil
- Scoláirí a mholadh go minic as a bheith i dteagmháil leis an scoil agus leanúint le haon chóras luaíochtaí atá i bhfeidhm
- Tosaíocht a thabhairt do scoláirí bunaithe ar shamhail chontanam na tacaíochta ina ndéantar tacaíochtaí a chatagóiriú de réir fáil a bheith orthu **do chách**, **do roinnt** agus **do bheagán**.

**Mar aon leis sin, is cóir do scoileanna sa chlár DEIS:**

- Leas a bhaint as na caidrimh atá bunaithe cheana féin ag Comhordaitheoirí TBSP agus ag pearsana an Chláir Críochnaithe Scoile (CCS) le scoláirí agus teaghlaigh
- Leanúint le hidirbheartaíochtaí CCS, ina measc meantóireacht do scoláirí, más féidir agus más praiticiúl, nó idirbheartaíochtaí a oiriúnú a raibh scoláirí ag baint úsáide astu sular dúnadh na scoileanna
- Teagmháil a bheith acu le pearsanra STOT chun leanúint leis an ghafacht réamhghníomhach le gach scoláire atá i mbaol agus lena dteaghlach i rith na dtréimhsí dúslánacha seo

---

[33] Déan tagairt, led' thoil, d'Aguisín 1 chun teacht ar naisc le hacmhainní a chabhróidh le múinteoirí a bhíonn ag teagasc ar chláir na hArdteistiméireachta Feidhmí.

*Seo roinnt beart atá curtha i bhfeidhm ag scoileanna chun cuidiú le scoláirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil:*

- *Pacáistí eolais a sheoladh sa phost chuig scoláirí a bhfuil deacrachtaí acu teagmháil a dhéanamh go cianda*
- *Glaoch a chur amach chuig na seirbhísí pobail ag an leibhéal áitiúil do ghléasanna digiteacha breise go mb'fhéidir nach bhfuil gá leo agus gur féidir iad a athdháileadh*
- *Gléasanna digiteacha scoile a thabhairt ar iasacht do scoláirí*
- *Gutháin a thabhairt do scoláirí a aithnítear gan aon bhealach cumarsáide a bheith acu*
- *Líne chabhrach tiomnaithe a sholáthar ar féidir le scoláirí í a úsáid agus é deimhnithe go bhfaighidh siad glaoch ar ais ón scoil*
- *Suirbhé a dhéanamh ar na scoláirí le fáil amach na rudaí a bhfuil ag éirí go maith leo*
- *Cumarsáid a chur go tuismitheoirí agus caomhnóirí an scoláire ar ríomhphost, ag tabhairt cuireadh dóibh a leanbh a spreagadh le seiceáil isteach leis an scoil agus clúdach litreach le stampa agus seoladh na scoile a chur chucu le cur ar ais chuig an scoil agus a chur in iúl conas mar atá ag éirí leo*
- *Teagmháil a dhéanamh le grúpaí pobail agus óige go háitiúil chun tacaíocht a sholáthar do roinnt scoláirí sa phobal*
- *Boird agus cathaoireacha a chur ar fáil do scoláirí, más gá, don obair scoile sa bhaile.*

## Ról múinteoirí maidir le bheith gafa le scoláirí sa bhfoghlaim

Tá sé i gceist gur iar-bhunscoileanna a úsáidfidh formhór na straitéisí atá sa treoir seo. D'fhéadfadh a lán acu a bheith oiriúnach freisin do shuíomhanna eile ina bhfuil fáil ar leanaí bunscoile, lena n-áirítear scoileanna de chuid an Tionscadail Comhchaidrimh don Aos Óg agus scoileanna atá ceangailte le hAonaid Chúraim Speisialta (ACS/SCU). Cuirfidh múinteoirí san áireamh, ag na leibhéil éagsúla, aoiseanna agus leibhéil chumais a scoláirí nuair a bhíonn cláir foghlama á ndearadh acu. Is cóir do mhúinteoirí scoláirí a spreagadh chun an fhoghlaim ábhartha a leanúint bunaithe ar an gclár curaclaim atá á leanúint ag na leanaí. Is cóir do mhúinteoirí iarracht cothroime a fháil i nádúr na hoibre a thugtar do scoláirí chun freastal ar chruthaitheacht agus ar thaighde neamhspleách ach, ag an am céanna, scoláirí a choinneáil ar thasc. Is cóir do mhúinteoirí na scoláirí a ghríosadh, de réir mar is cuí, ar a scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt mar atá leagtha amach níos faide ar aghaidh sa treoir seo.

### Seo roinnt straitéisí ar féidir le múinteoirí a úsáid chun tacú le foghlaim scoláirí:

- Cuir chuige a oiriúnú lena dheimhniú nach gcuirtear srian ar chumas scoláirí a bheith páirteach sa bhfoghlaim toisc nach féidir leo acmhainní digiteacha a rochtain
- Teagmháil go laethúil leis na scoláirí is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil
- Tascanna a chruthú inar féidir le gach scoláire rath áirithe a bheith ar a gcuid oibre
- An obair a scaflú agus í a bheith i gcodanna inláimhsithe ionas go ndéantar na rátaí críochnaithe a uasmhéadú agus nach mbíonn an tasc iomarcach do scoláirí

- Féachaint cé na réimsí spéise atá ag scoláirí aonair ionas gur féidir tascanna scoláire-lárnacha a chruthú dá réir
- Rogha gníomhaíochtaí a thabhairt do scoláirí agus cuireadh a thabhairt dóibh a gcuid oibre a chur i láthair ar bhealach solúbtha
- Cur chuige solúbtha a bheith ag baint le dearadh gníomhaíochtaí, ionas gur féidir leis an bhfoghlaim tarlú ag baint úsáide as timpeallachtaí fisicúla na scoláirí féin
- Cuireadh a thabhairt do scoláirí obair a chur isteach ar thasc oscailte a roghnaíonn an scoláire do/di féin.

*Mar aon leis na straitéisí atá luaite thuas, seo roinnt bealaí praiticiúla a bhfuil leas bainte ag múinteoirí astu le bheith gafa le scoláirí:*

- *Obair agus ábhair a chur sa phost chuig scoláirí nach féidir leo a bheith gafa go digiteach*
- *Físeáin/closthaifead de cheachtanna agus ábhair fhoghlama a uaslódáil ar láithreán gréasáin na scoile*
- *Oidis shimplí, le gnáth-chomhábhair a bhíonn in úsáid go laethúil, a chumadh agus iad a phostáil ar láithreán gréasáin na scoile, le léiriú físe*
- *Léiriú físiúil ar ghnáthaimh do chleachtaí laethúla a uaslódáil ar láithreán na scoile le gur féidir le scoláirí iad a dhéanamh sa bhaile.*
- *Córais a eagrú ionas gur féidir le grúpaí foghlaimeoirí obair le chéile, ar an bhfón nó ar an idirlíon.*

## Díriú ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta scoláirí

Chun leanúnachas foghlama a dheimhniú do scoláirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, tá sé tábhachtach go leanann scoileanna ag soláthar deiseanna do na scoláirí sin chun a scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt. Maidir leis sin, is féidir le scoileanna leanúint ag baint leasa as seirbhísí na bpearsana tacaíochta sa tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) agus sa Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) mar aon le tacaíocht síceolaithe ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaithe Oideachais (NSNSO). Tá sonraí teagmhála dóibh seo, agus d'eagraíochtaí eile, ar fáil sna haguisíní.

*Seo roinnt beart ar féidir le scoileanna a chur i bhfeidhm chun scileanna litearthachta a fhorbairt:*

- *Comórtais a eagrú do scoláirí chun gearrscéal a scríobh ag baint úsáide as líon beag focal randamach*
- *Cuireadh a thabhairt do scoláirí léirmheas ar leabhar nó ar scannán a chur isteach agus duais a bhronnadh*
- *Tairiscint a dhéanamh chun leabhair ó leabharlann na scoile a thabhairt ar iasacht*
- *Teagmháil a dhéanamh le scoláirí faoi ghníomhaíochtaí leabharlainne CSSS a leanann ar aghaidh*

- *Téacsanna tacúla a chur chuig tuismitheoirí agus caomhnóirí ag tréimhsí cuí le meabhrú dóibh léamh lena leanbh nó a leanbh a mhealladh le léamh agus téacsanna comhghairdis a chur chucu nuair a bhíonn tascanna déanta*
- *Tuismitheoirí agus caomhnóirí agus scoláirí a spreagadh chun ballraíocht a bheith acu i Leabharlanna Éireann (féach Aguisín 1 do na sonraí)*
- *Scoláirí a bhfuil Béarla mar Theanga Bhreise (BTB) acu a nascadh le scoláirí eile a bhfuil an teanga bhaile chéanna acu le go n-oibeoidís le cheile ar thascanna*
- *Scoláirí BTB a nascadh le scoláirí le teangacha éagsúla agus iad a chur ag teagasc focal nua óna dteanga baile féin dá chéile gach lá*
- *Iarradh ar scoláirí BTB féachaint ar an nuacht ina dteanga féin agus achoimre a chur ar fáil i mBéarla.*

*Seo roinnt beart atá i bhfeidhm ag scoileanna chun scileanna uimhearthachta a fhorbairt:*

- *Sna hábhair ina mbíonn príomhról ag an uimhearthacht, déanann múinteoirí:*
    - *Ceisteanna a chlúdach ina mbíonn gné de réiteach fadhbanna sna tascanna nó san obair a thugtar*
    - *Ceisteanna a chlúdach a chruthaíonn an deis bealaí éagsúla a úsáid le plé le fadhbanna agus na réitigh a bhíonn acu a léiriú*
    - *Obair a dháileadh ina mbíonn gá ag na scoláirí conclúid a bheith acu agus a gcuid réasúnaíochta a mhíniú*
- *Fadhbanna na Seachtaine don Uimhearthacht a chrochadh ar láithreán gréasáin na scoile do na rang-ghrúpaí éagsúla agus duaiseanna a bhronnadh*
- *Téacsanna a chur chuig tuismitheoirí agus caomhnóirí go minic le cur i gcuimhne dóibh a leanbh a spreagadh le bheith gafa le hacmhainní uimhearthachta ar Scoilnet.*

## Teagmháil a choinneáil le tuismitheoirí agus caomhnóirí

Is cóir do scoileanna leanúint ag plé go héifeachtach agus go leanúnach le tuismitheoirí agus caomhnóirí mar bhealach le tacú leo agus iad ag tacú lena leanaí. Moltar do scoileanna a dheimhniú:

- Go mbíonn córais éifeachtacha i bhfeidhm chun na tuismitheoirí agus na caomhnóirí is mó a bhfuil gá acu le tacaíocht a aithint
- Go mbíonn cumarsáid go minic ón scoil, go laetháil nuair is gá, a bhíonn soiléir agus scríofa i dteanga intuigthe
- Go gcuirtear uimhreacha teagmhála nó ríomhphoist ar fáil do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí chun cuidiú leo dul i dteagmháil leis an scoil.
- Go ndéantar iarrachtaí nasc a bhunú le gníomhaireachtaí tacaíochta sa phobal áitiúil lena n-áirítear Seirbhísí Óige chun cuidiú aistriúchán a chur ar fáil ar an gcumarsáid leis na tuismitheoirí agus caomhnóirí ar scoláirí a bhfuil riachtanais BTB acu
- Go ndéantar aiseolas a éileamh ó thuismitheoirí agus ó chaomhnóirí faoi rudaí a bhfuil ag éirí go maith leo agus faoi mholtaí don fheabhsúchán
- Go ndéantar eolas ginearálta a nuashonrú ar láithreán gréasáin na scoile.

*Seo a leanas roinnt straitéisí praiticiúla atá curtha i bhfeidhm ag scoileanna chun cumarsáidí éifeachtacha a dheimhniú idir an scoil agus tuismitheoirí agus caomhnóirí na bhfoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil:*

- *Na gnáthchórais chumarsáide a úsáid trí láithreán gréasáin na scoile, téacs, ríomhphost, VSWare*
- *Nuachtlitir ar leith a fhoilsiú do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí chun comhairle agus nuashonrú a thabhairt ar an tslí ina bhfuil leanúnachas foghlama á sholáthar ag an scoil*
- *Alt sa nuachtán pobail áitiúil le cur síos ar an tslí ina bhfuil an scoil ag tacú le scoláirí agus sonraí teagmhála tugtha le tuismitheoirí agus caomhnóirí a ghríosadh le dul i dteagmháil*
- *Agallamh a dhéanamh ar an raidió áitiúil chun a léiriú go bhfuil tacaíocht ar fáil agus chun tuismitheoirí agus caomhnóirí a spreagadh le teagmháil a dhéanamh leis an scoil*
- *Ardán cumarsáide faoi leith do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí a fhorbairt ar na meáin shóisialta*
- *Nasc a sholáthar chuig comhairle Covid-19 i dteangacha éagsúla, ar láithreán gréasáin na scoile*
- *Teacht i gcabhair ar thuismitheoirí agus caomhnóirí le BTB chun cuidiú leo aon chumarsáidí scoile a thuiscint.*

Tá ról ríthábhachtach ag an múinteoir TBSP i scoileanna DEIS sa teagmháil le tuismitheoirí agus caomhnóirí scoláirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil. Is cóir don TBSP a fháil amach conas mar atá ag éirí le tuismitheoirí, caomhnóirí agus leanaí dul i dtaithí ar na bealaí nua foghlama. Ní féidir a áireamh cé chomh tábhachtach agus atá glaochanna gutháin agus teagmháil go rialta ón TBSP.

Is cóir do scoileanna leanúint ag baint úsáide as na cláir atá acu faoi láthair chun tacú leis na haistrithe chuig an iar-bhunscoil atá le tarlú go luath do scoláirí. Má bhíonn seirbhísí CCS ag scoileanna is cóir a leithéid a úsáid chun tacú le scoláirí aitheanta go mb'fhéidir go bhfuil gá acu le tacaíocht bhreise. Tá sé an-tábhachtach eolas a chur go tuismitheoirí, caomhnóirí agus scoláirí chun a dhearbhú go gcuirfear a mhéid tacaíochta agus eolais agus is féidir ar fáil dóibh sa chéad tréimhse eile den oideachas. Cuideoidh sé seo imní a laghdú i measc scoláirí, tuismitheoirí agus caomhnóirí.

## Fanacht slán i dtimpeallacht na cianfhoghlama

Tá sé ríthábhachtach go bhfanann scoileanna, múinteoirí, tuismitheoirí agus caomhnóirí agus scoláirí slán i dtimpeallacht na cianfhoghlama. Chun treoir a fháil air seo, féach ar an *Treoir do Leanúnachas Scolaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* (lch. 9) a d'fhoilsigh an Roinn ar 2 Aibreán 2020. Tugann an treoir seo comhairle faoi úsáid idirlíne a bhíonn slán agus eiticiúil sa rannpháirtíocht cianfhoghlama agus faoin gcaoi ar féidir sonraí pearsanta a choimeád slán le linn duit a bheith ag obair ón mbaile. Ba cheart do scoileanna a chinntiú go dtreoraíonn a bPolasaí Úsáide Inghlactha (PUI) gníomhaíochtaí cianfhoghlama chomh maith le gach saghas rannpháirtíochta.

## Acmhainní

Tá liosta acmhainni úsáideacha curtha ar fáil in Aguisín 1 agus Aguisín 2 chun tacú le hobair scoileanna leanúint leis an ngafacht le scoláirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil. Baineann na hacmhainní seo le teagasc agus foghlaim, le sláinte agus folláine dhearfach a chothú, agus le haistrithe. Ní liosta uileghabhálach atá i gceist leis an liosta agus moltar do scoileanna leas a bhaint as a mhéid foinsí eolais agus is féidir chun freastal ar riachtanais a scoláirí agus ar an gcomhthéacs ar leith atá ann. Nuair a bhítear ag tabhairt faoi réitigh a fháil ar an gcás atá ann faoi láthair, tá deis shuntasach ann do scoileanna eolas a rochtain ó láithreáin ghréasáin a bhforais pátrún, na comhlachtaí bainistíochta, agus ó gach gréasán gairmiúil agus teagaisc ábhartha, chun foghlaim óna chéile. Is cóir a thuiscint nach dtugann an ROS faomhadh d’aon uirlisí ná acmhainní seachtracha ar leith.

## Aguisín 1: Acmhainní Scoile

Is féidir eolas atá eisithe ag an ROS ar theagasc baile cianfhoghlama, fad a leanann an an phaindéim, a rochtain anseo.

### Acmhainní na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

- Tá cur síos ar láithreán gréasáin na CNOS ar raon leathan acmhainní atá oiriúnach do leanaí le riachtanais speisialta oideachais. Tá rannóg nua ar leith ar an láithreán d'acmhainní chun tacú leis an bhfoghlaim sa bhaile le linn an ama seo, lena n-áirítear Acmhainní ar Líne do Mhúinteoirí, Acmhainní ar Líne do Thuismitheoirí agus Aipeanna úsaideacha don úsáid baile. Tá naisc freisin chuig a lán láithreán gréasán úsáideacha chun tuismitheoirí, caomhnóirí agus múinteoirí a threorú i dtreo tacaíochtaí breise ar líne.
- Tá fáil i gcónaí ar ghréasán comhairleoirí CNOS do scoileanna trí fhoirm iarratais na CNOS ar líne chun tacaíocht agus comhairle a sholáthar ar an nguthán agus ar ríomhphost do mhúinteoirí agus do scoláirí RSO. Tá an fhoirm ar fáil anseo.

### Acmhainní de chuid na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

- Soláthraíonn an SFGM raon acmhainní a bhaineann leis an soláthar do scoláirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, acmhainní do mhúinteoirí de chuid an CFSS agus na AF san áireamh. Is feidir teacht orthu ag na naisc seo a leanas:
    - D'acmhainní CFSS, féach led' thoil ar shuímh ghréasáin an CFSS agus leabharlanna CFSS
    - D'acmhainní AF, féach led' thoil ar an liosta atá ar fáil anseo trí shuíomh gréasáin Scoilnet agus i Lámhleabhar an Mhúinteora AF.
- Soláthraíonn an SFGM naisc le roinnt tacaíochtaí agus acmhainní BTB iarbhunleibhéil ar féidir teacht orthu anseo. Ina theannta seo, molann an SFGM roinnt suíomh gréasáin ar féidir leas a bhaint astu chun tacú le scoláirí BTB agus is féidir teacht orthu anseo.
- Tá fáil ar fhíseáin agus ar ghníomhaíochtaí ón fhoireann iar-bhunscoile SFGM don Chorpoideachas chun tacú le scoláirí nuair a bhíonn bunscileanna gluaiseachta á chleachtadh acu sa bhaile agus tá fáil orthu seo ar Beyond the Classroom.
- Tá bainc acmhainne Mata go Laethúil do scoláirí iar-bhunscoile á uaslódáil go laethúil ag foireann mhatamaitice na SFGM. Clúdáitear topaic éagsúl sa mhatamaitic gach lá le linn na tréimhse dúnta.

### Acmhainní don chianfhoghlaim

Cuireann leathanach gréasáin na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) ar chianfhoghlaim tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí le bheith gafa go cianda le foghlaimeoirí. I measc na dtacaíochtaí tá cúrsa tacaíochta ar líne, eolas faoi ardáin agus tacaíochtaí cianfhoghlama do Shláinte agus Folláine.

- Ar láithreán Scoilnet ag https://www.scoilnet.ie/ tá acmhainní don chianfhoghlaim agus rochtain sa bhaile. Tá naisc ar fáil freisin chuig seirbhísí tacaíochta na Roinne a bhaineann leis na dúntaí scoileanna.
- Cuireann Webwise ag https://www.webwise.ie raon acmhainní teagaisc ar fáil chun cuidiú le múinteoirí sábháilteacht idirlín a chomhtháthú sa teagasc agus sa bhfoghlaim mar aon le heolas agus comhairle do thuismitheoirí, caomhnóirí agus leanaí .
- Tá acmhainní ar litearthacht, pleanáil don aistriú srl. ar fáil ón SNSO sna Treoirlínte, Nodanna agus Bileoga do Thuismitheoirí agus ar a leathanach gréasáin Acmhainní agus Foilseacháin.
- Tá naisc ar an láithreán gréasáin JCSP Demonstration Library Project chuig iliomad acmhainní do scoileanna agus scoláirí, rangaithe de réir topaice agus ábhar.

### Acmhainní Choimisiún na Scrúduithe Stáit

- Cuireann Coimisiún na Scrúduithe Stáit acmhainní ar fáil do scoláirí atá ag ullmhú do na scrúduithe stáit. Ina measc tá ábhair ar nós iar-pháipéir scrúduithe, scéimeanna marcála agus eolas teagmhála tábhachtach.

### Acmhainní léitheoireachta ar líne

- Tá rochtain baile oscailte agus saor in aisce ag gach scoláire i bPoblacht na hÉireann ar an gcnuascach ríomhLeabhar ó World Book Online ag Scoilnet- World Book .
- Tá rochtain saor in aisce á ofrail ag Britannica ar a Phacáiste Eolaíochta agus na Daonnachtaí do gach úsáideoir Scoilnet le linn tréimhse dúnta scoileanna.
- Tá rochtain ag Children’s Books Ireland ar ábhair léitheoireachta, treoracha agus liostaí.
- Tá rochtain saor in aisce á sholáthar ag Leabharlanna Éireann, an córas leabharlann náisiúnta, ar ríomhLeabhair, closleabhair, irisleabhair agus nuachtáin ar líne.
- Tá Amazon ag cur rochtain saor in aisce ar fáil ar leabhair agus ar chlos-scéalta.

### Acmhainní ó fhoilsitheoirí

- Tá rochtain saor in aisce ó Folens dá eLeabhair agus dá acmhainní go léir.
- Tá rochtain saor in aisce ó CJ Fallon dá eLeabhair agus dá théacsleabhair go léir.
- Tá rochtain saor in aisce ón Educational Company of Ireland dá eLeabhair agus dá acmhainní digiteacha go léir.

### Acmhainní ginearálta ar líne

- Is acmhainn úsáideach do scoláirí BTB, in iliomad teangacha, é World news ón BBC.
- National Geographic Kids – tá raon físeán, cluichí agus quizeanna anseo a bhaineann le Stair, Tír Eolaíocht agus Eolaíocht.

- Ar láithreán gréasáin na n-amharcealaíona I Am An Artist tá fáil ar ghearrfhíseáin, scannáin, ceachtanna agus tionscnaimh do scoláirí bunscoile.

### Láithreáin ghréasáin bainteach leis an treoir

- Cuireann na Treoirlínte ar Leanúnachas Treoirchomhairleoireachta na ROS treoir agus comhairle ar fáil do scoileanna agus iad ag machnamh ar conas treoirchomhairleoireacht a sholáthar ar líne. Tá doiciméid thacaíochta eile mar aon le hacmhainní oiliúna ar fáil ar láithreán gréasáin An Chomhairle Náisiúnta um Threoir san Oideachas. Tá fáil ar na tacaíochtaí uile ar láithreán gréasáin na Roinne anseo.
- Tá fáil ar eolas faoi oideachas, oiliúint agus eolas gairme ar láithreán Qualifax.
- Tá fáil ar eolas faoi oideachas, oiliúint agus eolas gairme, lena n-áirítear eolas faoin gclár REACH+, ar láithreán gréasáin Careers Portal.
- Tá an CAO tar éis leathanach tiomnaithe faoi Cheisteanna Coitianta a oscailt chun tacú le hiarratasóirí. Tá seirbhís ríomhphoist ar fáil anseo d'aon cheist is féidir a rochtain.
- Soláthraíonn láithreán greasáin Access College eolas ar chothromas rochtana chuig an ardoideachas mar aon le heolas ar iarratais DARE agus HEAR.
- Soláthraíonn an láithreán gréasáin Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) eolas maidir le hiarratais deontas a dhéanamh.

Tá tacaíocht agus comhairle ar líne á sholáthar ag coláistí aonair agus ag Institiúidí Ardoideachais lena n-áirítear línte cabhracha agus tacaíocht duine-le-duine. Féach eolas eile ar láithreáin ghréasáin ar leith.

## Aguisín 2: Sláinte agus folláine dhearfach a chothú

- Tá eolas luachmhar ar fáil ar láithreán na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) do scoileanna agus do theaghlaigh ar thopaicí ar nós folláine, cianfhoghlaim agus soláthar do ghnáthamh agus struchtúr scoláirí.
- Cuireann Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) eolas tábhachtach ar fáil do scoileanna, tuismitheoirí agus caomhnóirí agus daoine óga.
- Ar leathanach gréasáin na FSS YourMentalHealth website tá fáil ar eolas ar na seirbhísí meabhairshláinte agus na tacaíochtaí uile atá á sholáthar go náisiúnta agus go háitiúil ag an FSS agus ag na páirtnéirí atá maoinithe aige.
- Ar leathanach gréasáin na FSS Tacaíochtaí agus Seirbhísí Mheabhairshláinte i rith COVID-19 tá sonraí ar fáil faoi na soláthróirí seirbhíse a bhfuil tacaíochtaí meabhairshláinte á ofráil ar líne agus ar an nguthán le linn na géarchéime reatha. Tá liosta de raon seirbhísí agus acmhainní ann chun cuidiú le daoine óga déileáil le deacrachtaí agus iad féin a láimhseáil le linn na géarchéime reatha. Tá teagmhálacha do Jigsaw; BeLong To; Reach Out; Spunout; Barnardos, Childline srl. ar an liosta. Tá sonraí ar an leathanach gréasáin freisin d'aipeanna soghluaiste ar féidir iad a úsáid chun imní a bhainistiú.
- Tá Fóram Freagartha Pobail bunaithe ag na húdaráis áitiúla (comhairlí) chun tacaíochtaí pobail bainteach le Covid-19 a chomhordú. Mar chuid de seo, tá gach údarás áitiúil tar éis líne chuiditheach a bhunú anois atá liostáilte ar www.gov.ie-Sonraí Teagmhála d'Údaráis Áitiúla agus is féidir le daoine leochaileacha glaoch air má bhíonn seirbhísí bunúsacha á lorg acu nó más gá bia nó béilí a sholáthar, nó má tá gá le córas iompair do thurais atá riachtanach.
- Dírítear aird mhúinteoirí ar chlár Cúnaimh agus Folláine Fostaithe na Roinne. Tá sonraí ar fáil ag an nasc An Clár Cúnaimh agus Folláine Fostaithe.